

## Teicneolaíocht Fheidhmeach na Sraithe Sóisearaí 2018/2019

### Moltaí ar úsáid am gairmiúil

Is am é **an t-am gairmiúil do mhúinteoirí** nuair nach mbíonn aon teagmháil le scoláirí agus ina mbíonn múinteoirí ag glacadh páirte i réimse gníomhaíochtaí gairmiúla agus comhoibríochta a chabhróidh le cur i bhfeidhm na Sraithe Sóisearaí. D'fhéadfadh an t-am seo deis a thabhairt do mhúinteoirí tabhairt faoi ghníomhaíochtaí sna réimsí seo a leanas:

- Gníomhaíochtaí gairmiúla don scoil uile le cabhrú leis an tSraith Shóisearach
- Gníomhaíochtaí gairmiúla don mhúinteoir aonair agus do roinn an ábhair, lena n-áirítear gníomhaíochtaí a bhaineann le measúnú foirmitheach, aiseolas, tuairisciú agus ionchuir a bheith á dtiomsú i gcomhair Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS)
- Freastal ar Chruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ)
- Ullmhúchán i gcomhair Cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair, agus iad a mhaoirsiú.

Sa doiciméad seo faightear **liosta de mholtaí** ar bhealaí a dtiocfadh le múinteoirí na Teicneolaíochta Feidhmí an 22 uair d'am gairmiúil a thugtar dóibh a úsáid ó 2018/19 ar aghaidh. Cuimsíonn na moltaí deiseanna le haghaidh **gníomhaíochtaí gairmiúla** don mhúinteoir aonair agus / nó do roinn an ábhair agus ní liosta iomlán é.

I dteannta na moltaí thíos, is tábhachtach go gcuimhneofaí go dtarlóidh Cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair **tar éis Measúnuithe Rangbhunaithe** (MRB 1 agus MRB 2). Tar éis gach MRB, déanfaidh múinteoir freastal ar chruinniú AFMÁ, a mbeidh dhá uair den am gairmiúil leithdháilte ag dul dó. Is cuid den 22 uair a chloig d'am gairmiúil an mhúinteora iad na huaireanta sin. Is féidir le múinteoirí Teicneolaíocht Fheidhmeach an t-am a úsáid le haghaidh riaracháin agus le bheith ag freastal ar na cruinnithe sin in aon bhliain acadúil.

Is moltaí iad a bhfuil sa liosta thíos, ina leagtar amach úsáid am gairmiúil, agus níl ann ach moltaí. **Ar chaoi chomhairleach**, is faoi gach grúpa bainistíocht scoile, roinn ábhair agus múinteoir atá sé an 22 uair d'am gairmiúil a phleanáil ar bhealach a **chuideoidh le teagasc, foghlaim, measúnú agus tuairisciú**.

### An Scoil Uile

An Creat don tSraith Shóisearach 2015 a fhiosrú

- Díospóireachtaí agus cruinnithe don scoil uile ar impleachtaí an Chreata ar chleachtas teagaisc, foghlama, measúnaithe agus tuairiscithe
- Gníomhaíochtaí machnaimh don scoil uile ar cheithre réimse ón doiciméad [Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2016 – 2020, Creat Cálíochta d'Iar-Bhunscoileanna](#).



# Moltaí ar Am Gairmiúil Múinteoirí a Úsáid

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

JuniorCYCLE  
for teachers

## Cleachtas an Mhúinteora Aonair

- Dul i ngleic leis an gCreat don tSraith Shóisearach 2015
- Féachaint ar [www.curriculumonline.ie](http://www.curriculumonline.ie) agus dul i ngleic leis an tsonraíocht ábhair do Theicneolaíocht Fheidhmeach na Sraithe Sóisearaí agus taithí a fháil ar na trí shnáithe, na ceithre ghné agus an dá thoradh foghlama is tríocha
- Meabhraigh conas a dhéanfaí an fhoghlaim seo feiceálach agus conas a d'fhéadfaí cabhrú le rannpháirtíocht scoláirí sna TFanna agus Aonaid Foghlama á bpleanáil
- Straitéisí agus acmhainní don seomra ranga a aimsiú agus a fhorbairt a chabhródh le teagasc, foghlaim, measúnú agus tuairisciú ar fhoghlaim scoláirí maidir le hAonaid Foghlama
- Tuilleadh deiseanna FGL / EFG a lorg ar an láthair agus ar líne (Eispéreas Foghlama Gairmiúil) ó SSM nó ó fhoinsí eile
- Torthaí foghlama a fhiosrú agus a bhriseadh síos níos mó arís
- Machnamh ar a éifeachtaí agus a bhí an fhoghlaim i do rang agus do thuairimí a roinnt le do chomhghleacaithe mar bhonn eolais don phleanáil amach anseo.

## Cleachtas Comhoibríoch Múinteoirí

### **Pleanáil na Roinne Ábhair**

- Fís a chruthú do Roinn na Teicneolaíochta Feidhmí agaibh
- Noirm a shocrú ina leagtar amach conas is rún libh a bheith ag obair le chéile
- Machnamh ar bhur bhfoghlaim ghairmiúil trí athbhreithniú a dhéanamh ar na laethanta EFG agus ar an ábhar acmhainne ar [www.jct.ie](http://www.jct.ie)
- Nascadh le múinteoirí eile / Líonraí Gairmiúla Múinteoirí eile
- Naisc a chothú le gníomhaireachtaí seachtracha
- Obair a dhéanamh i gcomhar le chéile chun na Torthaí Foghlama a ghrúpáil agus Aonaid Foghlama a phleanáil
- Trí na Torthaí Foghlama a fhiosrú meabhraigh conas a dhéanfaidh sibh fianaise ar an bhfoghlaim seo a bhailiú agus a ghabháil
- Acmhainní a roinnt ar straitéisí ar éirigh leo agus sibh ag machnamh ar chleachtas reatha an tseomra ranga
- Pleanáil i gcomhair measúnú agus tuairisciú ar MRBanna i gcomhréir leis na Treoirínte Measúnaithe ([www.curriculumonline.ie](http://www.curriculumonline.ie))

## Teicneolaíocht Fheidhmeach

Am Gairmiúil in 2018 agus ar aghaidh

